Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16466/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0449(COD)**

**PECHE 575**
**CODEC 2422**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Nollaig 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 771 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472 a mhéid a bhaineann leis na spriocanna maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 771 final.

Faoi iamh: COM(2023) 771 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.12.2023
COM(2023) 771 final

2023/0449 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472 a mhéid a bhaineann leis na spriocanna maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialacháin (AE) 2016/1139[1], (AE) 2018/973[2] agus (AE) 2019/472[3] lenar bunaíodh pleananna ilbhliantúla do stoic áirithe a dhéantar a iascach i Muir Bhailt, sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair, agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin ('na MAPanna'). Tá na Pleananna Ilbhliantúla ar cheann de na príomhionstraimí chun cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh ('CBI') a bhaint amach.

I gcomhréir leis na prionsabail, leis na cuspóirí agus leis an ábhar a leagtar amach in Airteagail 9 agus 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ('an Rialachán maidir le CBI')[4], leagtar amach sna Pleananna Ilbhliantúla spriocanna agus bearta chun bainistiú fadtéarmach a dhéanamh ar stoic áirithe agus iascaigh ar leibhéal imchuach farraige, lena n-áirítear coimirce le haghaidh gníomhaíochtaí feabhais i gcás inar gá. Ina theannta sin, déantar foráil sna Pleananna Ilbhliantúla maidir le solúbthacht trí chead a thabhairt deiseanna iascaireachta a shocrú laistigh de 'raon $F_{UTI}$', mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de na Pleananna Ilbhliantúla don Mhuir Bhailt agus d'Uiscí an Iarthair, agus in Airteagal 2(1) den Phlean Ilbhliantúil don Mhuir Thuaidh.

Tá foráil chomhionann sna Pleananna Ilbhliantúla agus in Airteagal 4(6) den Phlean Ilbhliantúil do Mhuir Bhailt agus don Mhuir Thuaidh agus Airteagal 4(7) den Phlean Ilbhliantúil d'Uiscí an Iarthair, lena bhforáiltear 'go ndéanfar deiseanna iascaireachta a shocrú, i ngach cás, sa chaoi go n-áiritheofar gur lú ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh an bhithmhais stoic sceite faoin $B_{teorainn}$ ('riail an 5 %)[5].

Mar sin féin, i gcásanna áirithe a bhaineann le stádas stoic éisc ar leith agus leis an réamhaisnéis ghearrthéarmach maidir lena fhorbairt bhithmhaise, d'fhéadfadh sé go mbeadh staid ann, mar thoradh ar chur i bhfeidhm riail an 5 %, a bheadh ar neamhréir le rialacha eile

[1] Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

[4] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[5] In Airteagal 2(7) den Phlean Ilbhliantúil don Mhuir Thuaidh agus Airteagal 2(8) de na Pleananna Ilbhliantúla do Mhuir Bhailt agus d'Uiscí an Iarthair, sainmhínítear '$B_{teorainn}$' mar 'an pointe tagartha do bhithmhais stoic sceite dá bhforáiltear sa chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, arbh fhéidir go mbeadh acmhainneacht síolraithe laghduithe faoina bhun'.

na bPleananna Ilbhliantúla lena rialaítear socrú na ndeiseanna iascaireachta, agus d'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a bheith ann dá toradh.

Ar thaobh amháin, mar gheall ar riail an 5 %, d'fhéadfadh sé nach féidir deiseanna iascaireachta a shocrú agus nach mór an t-iascach spriocdhírithe a chur ar fionraí. Ar an taobh eile, ceanglaítear leis na forálacha coimirce sna Pleananna Ilbhliantúla go nglacfar bearta feabhais chun an stoc a athbhunú os cionn $B_{spreagphointe}$, bunaithe ar mheasúnú de réir an cháis ar a oiriúnaí atá sé beart den chineál sin a roghnú i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna Pleananna Ilbhliantúla. Thairis sin, sna Pleananna Ilbhliantúla déantar tagairt don fhéidearthacht, seachas don oibleagáid, an t-iascach spriocdhírithe a chur ar fionraí, ar choinníoll go meastar go bhfuil beart mar sin oiriúnach i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna Pleananna Ilbhliantúla.

Ar na cúiseanna sin, is iomchuí mar sin riail an 5 % a scriosadh sna Pleananna Ilbhliantúla.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an moladh comhsheasmhach leis an Rialachán maidir le CBI agus áiritheofar leis comhsheasmhacht inmheánach rialacha na bPleananna Ilbhliantúla lena rialaítear socrú na ndeiseanna iascaireachta bliantúla ag an gComhairle.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leis an togra, leasaítear na Pleananna Ilbhliantúla agus, mar sin, tá sé bunaithe ar an mbunús dlí céanna, is é sin Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Is é is aidhm don mholadh seo comhsheasmhacht inmheánach rialacha na bPleananna Ilbhliantúla a áirithiú lena rialaítear socrú na ndeiseanna iascaireachta bliantúla ag an gComhairle. Tá an modhnú atá beartaithe riachtanach chun é sin a dhéanamh, agus is é an beart is oiriúnaí é chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go leasaítear rialacháin atá ann faoi láthair leis an togra, is rialachán é an ionstraim dlí is iomchuí.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

In 2023 phléigh an Coimisiún riail an 5 % leis na páirtithe leasmhara, go háirithe le Comhairle Chomhairleach Mhuir Bhailt agus le grúpa réigiúnach CBI de Bhallstáit an Aontais i Muir Bhailt ('BaltFish'). Léirigh formhór na bpáirtithe leasmhara imní mór maidir le comhsheasmhacht riail an 5 % le rialacha eile na bPleananna Ilbhliantúla lena rialaítear socrú na ndeiseanna iascaireachta agus na himpleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall uirthi.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Gach bliain bíonn comhairle eolaíoch á lorg ag an Aontas ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara ('ICES') maidir leis an staid ina bhfuil stoic éisc thábhachtacha[6]. Tá comhairle eolaíoch ó ICES bunaithe ar chreat comhairle inmheánach a bhunaigh a ghrúpaí saineolaithe agus a chomhaltaí cinnteoireachta, lena gcuimsítear cur chuige an réamhchúraim bunaithe ar riosca nach mó ná 5 % san fhadtéarma go dtitfidh stoc faoin $B_{teorainn}$[7]. Thairis sin, eisítear comhairle eolaíoch ó ICES i gcomhréir leis an gcreat-chomhaontú comhpháirtíochta leis an gCoimisiún.

- **Measúnú tionchair**

Is é is aidhm don mholadh seo comhsheasmhacht inmheánach rialacha na bPleananna Ilbhliantúla a áirithiú lena rialaítear socrú na ndeiseanna iascaireachta bliantúla ag an gComhairle. Tá an leasú atá beartaithe ar na Pleananna Ilbhliantúla riachtanach chun é sin a dhéanamh, agus is é an beart is oiriúnaí é chun an cuspóir sin a bhaint amach. Is leasú teoranta agus spriocdhírithe é seo ar fhoráil shonrach de chuid na bPleananna Ilbhliantúla, arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar neamhréir inmheánach sna rialacháin sin. Ós rud é nach bhfuil aon rogha beartais ann, níl gá le haon mheasúnú tionchair ná comhairliúchán poiblí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bheartaítear aon riail ná nós imeachta riaracháin nua sa togra d'údaráis phoiblí (údaráis an Aontais nó údaráis náisiúnta) a d'fhéadfadh cur leis an ualach riaracháin. Níl aon bhaint aige ach an oiread le hualaí rialála, le micrifhiontair, le FBManna ná le hábhair dhigiteacha.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt intuartha ag gabháil leis an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra maidir le buiséad an Aontais.

---

6 http://www.ices.dk/advice/Pages/Latest-Advice.aspx

7 Comhairle ó ICES, 2015, Leabhar 6, lch. 4 'Iarrann an tAontas Eorpach ar ICES raonta FUTI a sholáthar i dtaca le rogha stoc sa Mhuir Thuaidh agus i Muir Bhailt', https://ices-library.figshare.com/Articles/report/EU_request_to_ICES_to_provide_FMSY_ranges_for_selected_North_Sea_and_Baltic_Sea_stocks/18629411/1

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Féach Roinn 1 ‘comhthéacs an togra’ thuas.

2023/0449 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472 a mhéid a bhaineann leis na spriocanna maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceann amháin de chuspóirí an chomhbheartais iascaigh (CBI), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], is ea a áirithiú go ndéanfaidh saothrú acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas saothraithe a athbhunú agus a choimeád os cionn na leibhéal lenar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe (UTI) a tháirgeadh. De réir Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ba ghá ráta dúshaothraithe UTI a bhaint amach faoi 2015, i gcás inarbh fhéidir, agus ar bhonn forchéimnitheach incriminteach faoi 2020 ar a dhéanaí i gcás na stoc uile.

(2) Chun cuspóirí CBI a bhaint amach, bunaíodh le Rialacháin (AE) 2016/1139[10], (AE) 2018/973[11] agus (AE) 2019/472[12] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

---

8 IO C , , lch. .

9 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/2023-01-01).

10 Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1139/2020-12-01).

11 Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2018/973/2019-08-14).

12 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE)

pleananna ilbhliantúla chun bainistiú fadtéarmach a dhéanamh ar stoic áirithe i Muir Bhailt, sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair, le haghaidh iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, agus, sa chás ina bhfuil na stoic sin lasmuigh d'Uiscí an Iarthair, sna huiscí máguaird ('na Pleananna Ilbhliantúla').

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, leagtar síos spriocanna inchainníochtaithe sna Pleananna Ilbhliantúla i bhfoirm spriocrátaí básmhaireachta iascaireachta. Leis na rátaí sin, déantar foráil maidir le solúbthacht trí raon luachanna a bhunú (raonta $F_{UTI}$ le teorainneacha uasta agus íosta) atá comhsheasmhach le UTI a bhaint amach agus a choimeád le haghaidh na spriocstoc.

(4) Socraítear deiseanna iascaireachta laistigh de na raonta $F_{UTI}$ sin. Tá na raonta sin bunaithe ar chomhairle eolaíoch ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara ('ICES') nó ó chomhlacht eolaíoch neamhspleách den chineál céanna a shainaithnítear ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus déantar iad a chinneadh sa chaoi is go n-áirithítear go mbeidh UTI ann go fadtéarmach mar thoradh ar gach leibhéal básmhaireachta iascaireachta laistigh den raon sin, gan difear suntasach a dhéanamh don phróiseas atáirgthe le haghaidh an stoic lena mbaineann.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 2(2) de Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2019/472, agus Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2018/973, déantar an raon $F_{UTI}$ a ríomh chun laghdú nach mó ná 5 % a dhéanamh ar an táirgeacht fhadtéarmach i gcomparáid le UTI, agus cuirtear uasteorainn leis ionas nach mó ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh an stoc faoin $B_{teorainn}$.

(6) Foráiltear a thuilleadh le hAirteagal 4(6) de Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973, agus le hAirteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2019/472 chomh maith, 'go ndéanfar deiseanna iascaireachta a shocrú, i ngach cás, sa chaoi go n-áiritheofar gur lú ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh an bhithmhais stoic sceite faoin Bteorainn' ('riail an 5 %).

(7) I gcásanna áirithe a bhaineann le stádas stoic éisc ar leith agus leis an réamhaisnéis ghearrthéarmach maidir le forbairt a bhithmhaise, d'fhéadfadh sé go mbeadh staid ann, mar thoradh ar chur i bhfeidhm riail an 5 %, a bheadh ar neamhréir le rialacha eile na bPleananna Ilbhliantúla lena rialaítear socrú na ndeiseanna iascaireachta, agus d'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a bheith ann dá toradh.

(8) Nuair a léirítear le comhairle eolaíoch go bhfuil bithmhais sceite an stoic spriocdhírithe, nó bithmhais sceite na flúirse stoc áirithe i gcás ghliomaigh na hIorua, faoi UTI $B_{spreagphointe}$ i mbliain ar leith, foráiltear leis na rialacha coimirce a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472 go nglacfar gach beart feabhais is iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar an stoc lena mbaineann a athbhunú go tapa os cionn na leibhéal atá in ann UTI a tháirgeadh. Go sonrach, socrófar deiseanna iascaireachta ag leibhéil a bheidh comhsheasmhach le ráta básmhaireachta iascaireachta arna laghdú faoi bhun an raoin uasta $F_{UTI}$, agus an laghdú ar an mbithmhais á chur san áireamh.

(9) Foráiltear freisin leis na rialacha coimirce sna Pleananna Ilbhliantúla go nglacfar tuilleadh beart feabhais sa chás go bhfuil bithmhais stoic sceite an stoic spriocdhírithe, nó bithmhais stoic sceite na flúirse stoc áirithe i gcás ghliomaigh na hIorua, faoin $B_{teorainn}$, chun a áirithiú go ndéanfar an stoc lena mbaineann a athbhunú go tapa os

---

2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2019/472/2019-08-14).

cionn na leibhéal atá in ann UTI a tháirgeadh. Sa chomhthéacs sin, le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2016/1139, agus le hAirteagal 7(2) de Rialacháin (AE) 2018/972 agus (AE) 2019/472 chomh maith, déantar tagairt shonrach ní hamháin d'fhionraí an iascaigh spriocdhírithe, ach do bhearta eile a d'fhéadfaí a dhéanamh freisin amhail deiseanna iascaireachta a laghdú go leordhóthanach, agus bearta éigeandála nó teicniúla a ghlacadh.

(10) Foráiltear a thuilleadh leis na Pleananna Ilbhliantúla go ndéanfar rogha na mbeart sa dá chás i gcomhréir le cineál, tromchúis, fad agus atriall na staide. Mar sin de, ceanglaítear leis na Pleananna Ilbhliantúla go ndéanfar an t-iascach spriocdhírithe a chur ar fionraí sa chás go meastar, de réir na gcritéar sna Pleananna Ilbhliantúla, gurb é sin an beart feabhais is iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar an stoc a athbhunú go tapa os cionn na leibhéal atá in ann UTI a tháirgeadh, agus sa chás sin amháin.

(11) Mar sin de, ar thaobh amháin, mar gheall ar riail an 5 %, d'fhéadfadh sé nach féidir deiseanna iascaireachta a shocrú agus nach mór an t-iascach spriocdhírithe a chur ar fionraí. Ar an taobh eile, ceanglaítear leis na forálacha coimirce sna Pleananna Ilbhliantúla go nglacfar bearta feabhais chun an stoc a athbhunú os cionn $B_{spreagphointe}$, bunaithe ar mheasúnú de réir an cháis ar a oiriúnaí atá sé beart den chineál sin a roghnú i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna Pleananna Ilbhliantúla. Thairis sin, sna Pleananna Ilbhliantúla déantar tagairt don fhéidearthacht, seachas don oibleagáid, an t-iascach spriocdhírithe a chur ar fionraí, ar choinníoll go meastar go bhfuil beart mar sin oiriúnach i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna Pleananna Ilbhliantúla.

(12) Is gá, mar sin, aghaidh a thabhairt ar an neamhréir sin sa chreat dlíthiúil trí na forálacha i Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472 a scriosadh, ar choinníoll go ndéanfar deiseanna iascaireachta a shocrú, i ngach cás, sa chaoi go n-áiritheofar gur lú ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh an bhithmhais stoic sceite faoin $B_{limteorainn}$.

(13) Mar sin de, ba cheart Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2016/1139**

Scriostar Airteagal 4(6) de Rialachán (AE) 2016/1139.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2018/973**

Scriostar Airteagal 4(6) de Rialachán (AE) 2018/973.

*Airteagal 3*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2019/472**

Scriostar Airteagal 4(7) de Rialachán 2019/472.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm 3 lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |